



TURAS SCOILE GO DTÍ AN GHRÉIG



BUA SA CHOMÓRTAS "GAELFHÍSEÁN NA BLIANA"



RATHÚIL SA CHOMÓRTAS SCIFEST

NOLLAIG 18



Tá an chéad téarma beagnach críochnaithe againn anois agus gach duine ag tnúth leis an Nollaig. Tá daltaí na scoile tar éis a bheith bainteach le go leor imeachtaí éagsúla ó Scléip, Gaelfhíseán na bliana, Scifest, go dtí Díospóireachtaí agus Spórt de gach saghas. Tá mé an-bhródúil as na hiarrachtaí go léir a rinne ár ndaltaí chun cabhrú leis an gCumann Naomh Uinseann de Pól i mbliana. Nollaig Shona agus Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir.

Our first school term has nearly come to a close and everyone is looking forward to Christmas. Our students have been busy taking part in many activities from Scléip, Gaelfhíseán na Bliana, Scifest to Debates and various sports since the start of the year. I am very proud of all the efforts that our students have made to help St Vincent de Paul this year. I would like to take this opportunity to wish you all a very Happy Christmas and a peaceful New Year

TEG



Comhghairdeas le daltaí na hidirbhliana 17/18 a thuill a dteastais TEG ag tús na míosa seo. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Seán Mac Risteaird a tháinig ó Ollscoil Mhá Nuad chun na teastais a bhronnadh ar an rang.

Díospóireachtaí

Ghlacamar páirt i gcomórtas díospóireachta Uí Cadhain i mbliana arís. Bhí Jack Ó Cuirc, Chloe Ní Ruairc, Sarah Ní Bhuilgéir agus Conor de Rúit ar an bhfoireann shinsir. Bhí Oisín Ó Duibhir, Emily Ní Shionóid, Stiofán Ó Cuisín agus Liam Ó'Fionnáin mar ionadaí ar an bhfoireann shóisir. Chuaigh dhá fhoireann ar aghaidh go dtí an dara babhta agus d'éirigh leis an bhfoireann shóisir dul ar aghaidh go dtí an craobh réigiúnach. Beidh siad ag glacadh páirte sa chraobh sin ar an 11 Nollaig i Leamhcán. Go n-éirí go geal leo. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus ba mhaith leis na foirne ár mbuíochas a ghabháil le Ciarán agus Norah a chabhraigh go mór linn i rith na ndíospóireachtaí. Le Conor de Rúit & Jack Ó C



Spórt



Tá spórt na scoile ag dul ó neart go neart faoi láthair. Shrioch an dá fhoireann cispheile cluiche leathancheannais an réigiúin f16 agus mí-ádh an domhain orthu nár éirigh leo dul ar arghaidh. Shroich na cailíní faoi 16 an cluiche ceathrú ceannais. Freisin tá na foirne peile f14, f16 agus bhí an bua ag f18 i ngach cluiche go dtí seo i mbliana. Imreoidh na buachaillí f16 agus f14 i gcroabh an Oirdheiscirt tar éis na Nollag.

Seachtain Fholláine Airgeadais

Bhí seachtain fholláine airgeadais ar siúl an tseachtain seo caite ón 10-14 Nollaig anseo ar scoil. I rith na seachtaine bhí ceardlanna éagsúla ar siúl do gach duine m.sh. Litearthacht airgeadais, sábháilteacht ar líne, scileanna agallaimh agus ag tosú gnó. Táimid ag iarraidh eolais a thabhairt do dhaltaí scoile faoi fholláine airgeadais agus scileanna éagsúla eile chomh maith. Tá súil againn gur bhain gach duine taitneamh as an seachtain! Le Huan Er



Dimigh grúpa ón gceathrú bliain chuig tayto park ar an 28 Meán Fómhair chun féitheoireacht a dhéanamh ar phaistí ó ghaelscoileanna éagsúla. Thug an Foras Pátrúnachta cuireadh dóibh teacht ar an lá chun cothrom lae 25 bliain a cheiliúradh. Fuair gach dalta meánscoile geansaí corca agus buí le Foras Pátrúnachta scríofa air.

Bhí seans ag gach dalta meánscoile taitneamh a bhaint as an siamsaíocht a bhí ar fáil ag tayto park.

Le Ciara B agus Adam C

Tayto Park



YSI

Tá grúpa YSI na hidirbhliana ag obair go dian ar an téama de thoiliú a chur chun cinn sa scoil. Tá aoichainteoir ag teacht ón Ionad Éagandála Éagnú i Loch Garman chun an rang a chur ar an eolas maidir le heagnú agus toiliú. Tá an rang chun an t-eolas seo a úsáid chun feachtas a dhéanamh ar na téamaí seo chun daoine a chur ar an eolas fúthu. Tá an rang ag déanamh cruinnithe seachtainiúla chun an feachtas a phlé agus a fhorbairt

Harry & Chonaill

SVP

I mbliana d'eagraigh an coiste S.V.P bailiúchán airgid agus rinne siad lá daite ar scoil. Leis an airgead tá pacáí á n-eagrú againn do tearmann na mná (Women's Refuge) i Loch Garman. Mí na Nollag atá ann agus tá Daidáí na Nollag ag teacht go luath. Tá bailiúchán bia á n-eagrú againn freisin do na daoine áitiúla a bhfuil sé de dhíit orthu. Bheimis fíorbhuíoch díbh as ucht aon bhia nach dtéann ó mhaith a thabhairt isteach don bhailiúchán.

Seó Faisin

Tá lucht na hidirbhliana ag ullmhú don seó faisin 'Junk Kouture' i mí Eanáir. Beidh sé ar siúl in Óstán Whites ar an 17 Eanáir ag a seacht. Tá gach duine ag obair go dian ar na héadaí éagsúla agus ag baint taitnimh as oibriú le chéile. Tá súil againn go mbeidh an-chraic againn ag an seó. Cuirfidh ceoltóirí na scoile siamsaíocht ar fáil ar an oíche mar is gnách. I mbliana tá na héadaí déanta as caife, míreanna mearaí, éadaí frithchaitheacha agus go leor ábhair eile. Beidh naoi gculaith le feiceáil ar an stáitse agus táimid ag tnúth go mór libh a fheiceáil ann!



COISTE GAEILGE NA SCOILE 18



Bunaíodh Coiste Gaeilge Nua i mí Mheán Fómhair. Tá ochtar ar an gcoiste i mbliana; Chloe, Róise Eilís, Casey, Shemie, Rhianne, Emily, Alannah agus Nicole.

I mí Dheireadh Fómhair, ghlacamar páirt i gComhrá '18 a bhí eagraithe ag Conradh Na Gaeilge. Bhíomar beo ar líne ar fud an domhain at feadh uaire. Rinneamar díospóireacht, cluichí spráíúla, labhraíomar le dalta ón gcéad bhliain a tháinig ó bhunscoil lán-Bhéarla agus chan Jade and Nóra a n-amhrán 'Fuil Na nóg'. Bhí an-spraoi againn.

Glacaimid páirt i nGaeilge 24 chuile bliain agus i mbliana d'éirigh leis an gcoiste 156 dalta a mhealladh chun páirt a ghlacadh.

D'éagraigh an coiste cluichí agus gníomhaíochtaí le linn an lae agus bhain na daltaí ar fad an-taitneamh as, ach go háirithe ag déanamh iarrachta an ghaeilge a scaipeadh timpeall an bhaile agus daoine a spreagadh a gcuid cúpla focal a úsáid.

D'imríomar Kahoot le gach bliain, rinneamar céilí leis na sóisir agus d'imríomar cluichí leis na sinsir. Bhí an-chraic againn agus táimid ag súil go mór le páirt a ghlacadh arís an bhliain seo chugainn. Is féidir leat súil a chaitheamh ar an lá anseo (clic anseo>)



Fuaireamar an dea-scéal an mhí seo caite go rabhamar rathúil sa chomórtas "Gaelfhíseán na Bliana" agus ár mbuíochas leis an gcoiste an bhliain seo caite as ucht é a eagrú. [Caith súil ar "Croí Óir" anseo](#)

Beidh roinnt gníomhaíochtaí eile á n-eagrú ag an gcoiste le linn na bliana ar nós seó tallaine na Nollag agus amhrán eile a thaifead roimh dheireadh na bliana. Le Róise E



SCLÉIP

Bhí caighdeán an-ard i mbliana ag an gcomórtas réigiúnach Scléip i mBaile Átha Cliath. D'éirigh go hiontach leis na hiomaitheoirí agus bhíomar an-rathúil ar an lá. D'éirigh leis an ngrúpa damhsóirí "Saol Deireanach" (Jennifer, Matilda, Mikayla, Ríona, Orla, Rachel, Jessica Lily) agus le Dúnadh Foirfe (Nóra, Jade, Seán agus Daire ó bhliain 6) Ina theannta sin d'éirigh le Jade ón séú bliain agus le Patricia ón gcéad bhliain dul ar aghaidh chuig an gcraobh a bheidh ar siúl i mí Eanáir. Ghlac an cór "Binn", Mollí ó bhliain 3 agus Na Cipínigh (Erin, Meaghan, Cameron, Patricia, Éire) páirt freisin agus bhí siad ar fheabhas ar an stáitse. Comhghairdeas leo ar fad. Le Meaghan agus Erin ón Idirbhliain



AN GHRÉIG



Ar an gceathrú lá déag de mhí na Samhna, thaisteal daltaí ón gceathrú, cúigiú agus séú bliain go dtí Cathair na hAithne. Eitilt an-luath a bhí i gceist agus shroicheadar an Aithin thart ar a dó um thráthnóna. Chaitheadar an lá ag cur aithne ar an dúiche mórthimpeall orainn agus ag déanamh píosa siopadóireachta. An lá dár gcionn, bhuaileamar le treoraithe an turais, Dimitri agus Dora. Thugamar cuairt ar an Acrapoil agus bhí am saor againn le haghaidh spaisteoireacht timpeall na cathrach. Fuaireamar bád go hoileán Aegina ar an tríú lá agus thugamar cuairt ar roinnt mhaith áiteanna stairiúla, i measc bhí mainistir álainn. Ar an Satharn, chuamar go Mycenae, sean bhunáit mhíleata. Thaisrlíomar ansin go Cathair Nafplio, áit ghleoite, agus chaitheadar cúpla uair ansin. Bhí sár-am againn sa Ghréig, ba thuras den chéad scoth é.



One Good Idea

Bhí suim ag na 'Food Fanatics' Róisín Réid agus Chloe Fortune gníomhú ar son na timpeallachta. Bunaíodh feachtas feasachta a bhí dírithe ar dhaltaí bunscoile agus meánscoile maidir le míleáiste beatha, lorg carbóin agus athrú aeráide. Ba dhaltaí cruthaitheacha agus díograiseacha iad le linn an fheachtais. D'oirbrigh na cailíní le dearthóir graifaicí agus chruthaigh siad an póstaer seo. Taispeánadh an póstaer ar chlárí fhógraí timpeall na tíre. Bhí sé le feiceáil i mBaile Loch Garman, in Inis Córthaidh agus i gCam Eolaing sa chontae seo.



Cuirigí stop le dramhbhia!

Bhuaigh Kacie Frankllin agus Eoin Bonnington duais airgid don chomórtas dramhbhia a bhí á reachtáil ag Comhairle Contae Loch Gharman. Bronnadh plaic orthu san ostan Ferrigcarrig ag tús mhí na Samhna. Tháinig an bheirt aníos le hoideas chun dul i ngleic le dramháil bia. Deirtear go gcaithear amach aon tríú den bhia sa bhaile agus is cúis imní í seo. Gearann sé breis is seacht gcéad euro ar thuismitheoirí in aghaidh na bliana. Bronnadh €450 ar na daltaí iontacha seo. Le hElaine



Péistlann na Scoile - Ní neart le chur le chéile



Tá péistlann scoile i bhfeidhm anois sa ghairdín ar chúl na scoile. Tháinig Betty Kehoe amach ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhsaoil le treoir agus cúnaimh a thabhairt dúinn. Bíonn péisteanna darbh ainm 'Tiogairí Deara' ag oibriú go díograiseach chun ábhar órgánach a dhianscoileadh. Ní mór dúinn bia a thabhairt do na péisteanna uair amháin in aghaidh na seachtaine. Beidh muírín breá againn an t-am seo an bhliain seo chugainn. Le hElaine

BT Eolaí Óg 2019

Is iontach an rud é go mbeidh ochtar ag glacadh páirte sa BT Eolaí Óg i mbliana. Don chéad uair riamh, beidh trí ghrúpa ag freastal ar an ócáid eolaíochta seo san RDS i ndiaidh na Nollag. Beidh Conn agus Con i láthair don dara huair. Beidh Erin Ní Dhuibhe, Ava Ní Chonchubhair agus Aoife Nic Giolla Bhríde ag fiosrú na n-éifeachtaí a bhainfeadh le Brexit ar gheilleagar na hÉireann, ar an earnáil talmhaíochta agus ar thodhchaí na tíre. Ar deireadh, beidh Jake De Nóglá, Adam Copeland agus Seán Elphinstone ag féachaint ar hairgeadra-cripteach. Creideann na daltaí go n-iompóidh sé an domhan eacnamaíoch bun os cionn! Cuirfear tús ar 9 Eanáir le Comórtas Eolaí Óg na Bliana 2019 BT. Beidh 550 tionscnamh éagsúla ar taispeáint san RDS i mBaile Átha Cliath. Tá obair dhian ar siúl ag na daltaí seo agus guímid gach ráth orthu lena gcuid taighde.



Scifest

Bhuaigh Conn Caomhánach agus Con Ó Meachair an duais I.S.T.A. ag an Scifest Náisiúnta i Láraonad Comhdhála Marino le gairid. Tá taighde á dhéanamh acu san ionad taighde i gCaisleán Bhaile Sheonach ar bhonn seachtainiúil. Bhí áthas an domhain orainn toisc nach raibh ach cúpla duais le buachan ar an lá agus bhí ard-chaigdeán le feiceáil i measc na n-iomaitheoirí. Táimid an bhuíoch as ucht an chúnamh agus as ucht na tacaíochta atá á fháil againn ó Karen Daly agus a cuid comhghleacaithe i dTeagasc. Le hElaine



An Coiste Glas

Tháinig an coiste glas le chéile i mbliana chun cúpla sprioc a bhaint amach. I dtosach báire, bhí suim acu an córas múirín agus córas athchúrsála a fheabhsú ar scoil. Anois, tá bosca múirín agus athchúrsála i ngach seomra ranga. Is mór an cúnamh é an t-airíoch Ger. Bailíonn sé an leacht a eascraíonn ón mbosca múirín. Is leasúcháin nadúrtha é seo a bheidh in úsáid againn san earrach. Tiontóidh an dramhbhia ar fad go múirín agus déanfar athchúrsáil leis i ngardín na scoile. An dara mór-sprioc a bhí ag an gcoiste na bratach glas a bhaint amach. Faoi láthair, bíonn an coiste ag obair go dian ar théama na mara. Beidh glantacháin tránna i ndiaidh na Nollag agus cuirfear feachtas feasachta i bhfeidhm san athbhliain. Bronnadh suaitheantais ar bhaill an choiste as ucht na hoibre atá á dhéanamh acu. Le hElaine



Concern Debates

Now in its 35th Year the Concern debates have always displayed the best and brightest of Ireland's oratorical talent. Meánscoil Gharman having completed three and won three rounds of this year's competition. The team have defeated Ramsgrange Community School, Our Lady of Lourdes New Ross and St Peters College Wexford. Foireann Jack Ó Cuirc, Chonaill Ó Duibhlinne,



Seachtain Mhata



Ar an 15ú Deireadh Fómhair bhí daltaí na hIdirbhliana gnóthach ag eagrú Seachtain Mhata i MSG. Ar dtús bhí díolachán cistí acu chun duaiseanna a cheannach. I rith na seachtaine ghlac go leor daltaí páirt i 'bhFadhb an Lae' agus comórtais eile. Chruthaigh siad fadhbanna, cóid, Kahoot agus go leor eile. Chroch siad 'post-it's' timpeall na scoile le ceisteanna beaga matamaitice orthu agus bhí ar dhaltaí iad a réitiú le líreacáin mar dhuaisianna. Bhain na daltaí sult as na cluichí ranga éagsúla agus na duaiseanna a fuair siad. Le hEdel

An Cumann Mata

Is í aidhm an Chumainn seo ná tacaíocht a thabhairt do mhuintir na chéad, dara agus tríú bliain agus iad ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna matamaitice. Gach seachtain téann muintir na hIdirbhliana i mbun teagaisc le tacaíocht ón múinteoir. Tagann daltaí sóisearacha chucu chun fadhbanna áirithe a reitiú. Tá sé ar intinn againn cluichí a chur ar fáil freisin ionas gur féidir le daltaí taitneamh is tairbhe a bhaint as an gclub. Molaim é d'éinne le suim acu sa Mhata nó suim acu feabhas a chur ar a gcuid scileanna mata. Le hEdel



An Cumann Griangrafadóireachta

Bunaíodh an Cumann Griangrafadóireachta MSG i mí Mheán Fómhair chun seans a thabhairt do dhaltaí na scoile scileanna nua a fhoghlaim agus chun a gcuid cruthaíochta is samhlaíochta a fhorbairt. Is í Jade Buttle cathaoirleach an chumainn agus is í Aimee Rogan Ní Cheallaigh an leasathaoirleach.

Bíonn comórtas againn gach coicís le téamaí éagsúla. Thosaíomar amach leis an téama 'Dubh agus Bán'. Tar éis féachaint ar samplaí ón meán, as go brách leis na daltaí agus camera faoina n-ascaill is tháinig siad thar n-ais le grianghraif den scoth. Caitheadh vóta ar an ngrianghraf is fearr is lean an próiseas ar aghaidh le téama nua an chéad choicís eile.

Tá sé ar intinn ag an gcumann aíonna speisialta a fháil chun labhairt leis na baill chomh maith le duaiseanna a thabhairt amach le linn na bliana. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Dunnes Stores, Sam McCauleys, Grants agus Byrnes Book store as an urraíocht a thug siad dúinn le déanaí. Bígí ag faire amach do na comórtais nua le duiseanna iontacha i 2019. Roghnaíodh an téama "An Nollaig" don chéad chruinniú eile. Go néirí go geal libh agus Nollaig Shona daoibh go léir.

Le hEdel




Peil na mBan

Bhuaigh an fhoireann shóisir agus an fhoireann shinsir gach uile cluiche peile i mbliana. Bhí spiorad foirne den chéad scoth i measc na gcailíní. Tá peileadóirí láidre againn ar an dá fhoireann. Beidh lucht an shóisir agus lucht an shinsir ag leanúint ar aghaidh sa chomórtas peile. Le hElaine



Lón Fraincise



Thosaigh Cecile an lón fraincise an bhliain seo caite agus tá an nós ag dul ó neart go neart i mbliana, Tugann sé seans do na daltaí a gcuid fraincise a chleachtadh agus a fheabhsú, bia blasta a ithe agus a thriail agus cluichí a imirt i bhFraincis. Les déjeuner français est ouvert à toutes les classes! Venez nombreux et à bientôt.